Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Feabhra 2018**
**(OR. en)**

**6280/18**

**COEST 37**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 26 Feabhra 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6279/18 COEST 36 |
| Ábhar: | AN CAIDREAMH LE POBLACHT NA MOLDÓIVE<br>– Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal san Iarscríbhinn, conclúidí ón gComhairle maidir le Poblacht na Moldóive, mar a ghlac an Chomhairle (Gnóthaí Eachtracha) iad ar an 26 Feabhra 2018.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE POBLACHT NA MOLDÓIVE**

**An Chomhairle Gnóthaí Eachtracha, 26 Feabhra 2018**

1. Is mian leis an gComhairle a tiomantas a athdhearbhú i ndáil le neartú an chomhlachais pholaitiúil agus an chomhtháthaithe eacnamaíoch idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive, trí dhlúthchomhar a dhéanamh le chéile ar bhonn an Chomhaontaithe Comhlachais a tháinig i bhfeidhm i mí Iúil 2016. Tá rún daingean i gcónaí ag an Aontas Eorpach tacú leis na hiarrachtaí i ndáil le hathchóirithe ionas gur féidir le saoránaigh Phoblacht na Moldóive tairbhe a fháil as an gComhaontú Chomhlachais, lena n-áirítear an Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála.

2. Mar fhreagairt ar na conclúidí ón gComhairle, Feabhra 2016, ghlac na húdaráis i bPoblacht na Moldóive roinnt tionscnaimh reachtacha a bhaineann leis na réimsí athchóirithe dár tugadh tosaíocht sna conclúidí. Ag aithint di na céimeanna athchóirithe atá glactha go nuige seo ag Poblacht na Moldóive, cuireann an Chomhairle i bhfáth gur den ríthábhacht go gcuirfí chun feidhme na hathchóirithe sin ar cuireadh tús leo in 2016. Meabhraítear don Chomhairle gur bunaithe ar choinníollacht dhocht atá an cúnamh a thugann an tAontas Eorpach do Phoblacht na Moldóive, agus go bhfuil an méid sin nasctha le dul chun cinn sásúil i ndáil leis na hathchóirithe.

3. Meabhraítear di gurb é is cuspóir don dua a chuireann an tAontas air féin i dtaca le cúnamh a thabhairt do Phoblacht na Moldóive feabhas inbhraite a chur ar bheatha na saoránach sa Mholdóiv.

4. Meabhraítear freisin don Chomhairle gur den ríthábhacht go ndéanfaí athchóirithe struchtúracha má táthar leis an bhfás a éascú, poist a chruthú, agus an bhochtaineacht a laghdú. Tá an Chomhairle ag súil go leanfaidh Poblacht na Moldóive den phróiseas athchóirithe iomlán agus go bhfeabhsóidh sí é i gcomhréir leis na gealltanais a tugadh faoin gComhaontú Comhlachais. Meabhraítear di go mbeidh an Clár Oibre Comhlachais athbhreithnithe, lena leagtar amach 13 phríomhthosaíocht athchóiriúcháin don tréimhse 2017-2019, ina threoir phraiticiúil san obair sin. Leanfaidh an tAontas Eorpach den chomhordú a neartú agus d'fhaireachán a dhéanamh ar an tacaíocht a fhaigheann an próiseas athchóiriúcháin i bPoblacht na Moldóive.

5. Aithníonn an Chomhairle an lámh dhearfach a bhí ag Poblacht na Moldóive féin i gCruinniú Mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir, an 24 Samhain 2017, agus molann sí don Phoblacht leanúint dá rannchuidiú i dtaca leis an 20 sprioc insoláthartha do 2020 a bhaint amach.

6. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá sé sásraí éifeachtacha daonlathacha a urramú, lena n-áirítear córas ilpháirtí daonlathach, an smacht reachta agus an urraim do chearta an duine. Is díol áthais don Chomhairle gur glacadh an plean gníomhaíochta maidir le comhdhlúthú ar an gcaidreamh idir-eitneach.

7. Is oth léi nár tugadh aghaidh sa dlí nua toghchánaíochta ar roinnt de na príomh-mholtaí a rinneadh sa tuairim chomhpháirteach ó Chomhairle na hEorpa/Coimisiún na Veinéise agus ón Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip/an Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine. Rinneadh tagairt *inter alia* sa tuairim chomhpháirteach don easpa comhthola maidir leis an athchóiriú atá beartaithe agus don bhaol atá ann go n-imreodh lucht gnó, agus gníomhairí eile nach ndéanann ach a leas féin, tionchar ar iarrthóirí a chreideann i gcóras polaitiúil an tromlaigh. Is ceart faireachán grinn agus cuimsitheach a dhéanamh ar an gcóras nua toghchánaíochta agus na toghcháin ar bun, lena n-áirítear le linn an fheachtais, ar lá an toghcháin féin agus ina dhiaidh, maidir lena dtionchar ar an daonlathas i gcoitinne agus ar an gcóras ilpháirtí go háirithe. Is den ríthábhacht ar fad toghcháin inchreidte, thrédhearcacha, chuimsitheacha a bheith ann ar an leibhéal lárnach agus áitiúil.

8. Meabhraítear chomh maith céanna don Chomhairle a thábhachtaí atá sé obair leantach a dhéanamh ar na moltaí ar fad atá ar feitheamh ó Chomhairle na hEorpa/Coimisiún na Veinéise agus ón Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip/an Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine, lena n-áirítear na moltaí a bhaineann le maoiniú páirtithe polaitiúla gona bhfeachtais toghchánaíochta.

9. Is mian leis an gComhairle a athdhearbhú a thábhachtaí atá sé an caidreamh leis an tsochaí shibhialta a fheabhsú má tá rath le bheith ar na hathchóirithe ar fad agus má tá siad le bheith inbhuanaithe. Molann an Chomhairle go mór do na húdaráis i bPoblacht na Moldóive lámh a thabhairt don tsochaí shibhialta sa phróiseas cinnteoireachta. Ní ann do stát rathúil, daonlathach, láidir in éagmais an tsochaí shibhialta a bheith rannpháirteach ann.

10. Sular féidir sochaí dhaonlathach a bheith ann, ní mór go mbeadh na meáin saor agus iolrach. Ós amhlaidh atá, agus mar chéad chéim i dtreo ráthú na saoirsí sin, molann an Chomhairle do Phoblacht na Moldóive cloí leis an athchóiriú cuimsitheach is dlite le fada an lá ar an gcód closamhairc. D'fheabhsódh sin an trédhearcacht agus an iomaíocht san earnáil, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar úinéireacht leataobhach na meán, saoirse agus iolrachas na meán a ráthú, timpeallacht ghnó a chruthú a chabhródh le gníomhaíocht bealaí neamhspleácha craolta, agus d'fhonn faisnéis ar ardchaighdeán a chur ar fáil dá shaoránaigh. Maidir leis na leasuithe a rinneadh le déanaí ar an gcód closamhairc, aithníonn an tAontas Eorpach an drochthionchar nach beag a bhíonn ag an mbréagaisnéis agus ag an mbolscaireacht, ach tugann sí dá haire san am céanna gur cheart go mbeadh pé bearta a ghlactar riachtanach, comhréireach agus i gcomhréir le forálacha ábhartha an dlí idirnáisiúnta, chun nach gcuirfear srian le saoirse na meán nó bac ar rochtain ar fhaisnéis.

11. Is díol sásaimh don Chomhairle cur chun feidhme éifeachtach an chórais ghearrthéarmaigh taistil gan víosa, rud a léiríonn go glé na féidearthachtaí feabhsaithe atá ann do dhaoine teagmháil a dhéanamh le chéile ó tháinig sé i bhfeidhm, agus iarrann sí ar Phoblacht na Moldóive leanúint le pé iarrachtaí is gá chun na tagarmharcanna léirscaoilte víosaí a chomhlíonadh ar bhonn leanúnach agus a cuid saoránach a chur ar an eolas maidir leis na cearta agus na hoibleagáidí a bhaineann leis an taisteal gan víosa. Ag tagairt di don chéad tuarascáil ón gCoimisiún faoin sásra um eisiúint víosaí a chur ar fionraí ó mhí na Nollag 2017, meabhraítear don Chomhairle nach mór tuilleadh aird speisialta a thabhairt ar chomhlíonadh leanúnach na dtagarmharcanna frith-éillithe agus frith-airgeadsciúrtha, agus sin a dhéanamh ar an bpointe boise.

12. Tá an Chomhairle lánchinnte de gur cheart tuilleadh dua a chaitheamh go práinneach chun comhrac níos diongbháilte, a mbeadh torthaí nithiúla air, a chur ar an éilliú, agus gur cheart athchóiriú críochnúil a dhéanamh ar chóras na mbreithiúna agus ar an tseirbhís ionchúisimh. Má táthar le muinín na ndaoine as institiúidí an stáit a chur ar bun arís i bPoblacht na Moldóive, ní mór na heilimintí riachtanacha seo a leanas a bheith ann: córas feidhmiúil ceartais agus é neamhspleách, neamhchlaonta, trédhearcach, cuntasach, fianaise shoiléir go bhfuiltear ag ciontú daoine as éilliú (go háirithe as an éilliú ardleibhéil), agus urraim don smacht reachta.

13. I bhfianaise an mhéid sin, is mian leis an gComhairle aird a tharraingt ar a thábhachtaí atá sé go bhfeidhmeodh an córas um fhorfheidhmiú an dlí, agus na breithiúna, go neamhchlaonta. Is díol imní di roinnt dlíodóirí, breithiúna agus lucht freasúra polaitiúil a bheith á n-ionchúiseamh. Meabhraítear don Chomhairle má bhaintear cúngúsáid den chineál sin as an gcóras um fhorfheidhmiú an dlí agus as an gcóras ceartais go mbaintear an bonn ón smacht reachta agus ó mhuinín an phobail as an gcóras breithiúnach.

14. I dtaca leis an gcalaois ollmhór a nochtadh in earnáil na baincéireachta in 2014, molann an Chomhairle go mór do na húdaráis i bPoblacht na Moldóive a áirithiú go ndéanfar sin a imscrúdú go críochnúil, neamhchlaonta agus go cuimsitheach agus go gcuirfear an dlí ar dhaoine dá bharr ar mhaithe leis na cistí cúbláilte a fháil ar ais agus iad siúd a bhí freagrach as an gcúbláil a thabhairt os comhair cúirte beag beann ar an bpáirtí polaitiúil lena mbaineann. Is díol sásaimh don Chomhairle gur foilsíodh achoimre den dara tuarascáil de chuid Kroll i mí na Nollag 2017. Mar sin féin, molann sí fós do na húdaráis leanúint de na himscrúduithe agus díobh siúd ar fad a raibh lámh acu sna hollscéimeanna calaoiseacha sin a thabhairt chun cúirte faoi lánurraim an smachta reachta.

15. Is díol sásaimh don Chomhairle na ceapacháin a rinneadh le déanaí sna hinstitiúidí frith-éillithe agus an dlí i gcoinne sciúradh airgid a glacadh d'fhonn reachtaíocht na tíre a thabhairt i gcomhréir le caighdeáin reatha an Aontais Eorpaigh. Iomthúsa na n-athchóirithe atá ar siúl, beidh sé ríthábhachtach a áirithiú go gcuirtear chun feidhme an reachtaíocht i gcoinne sciúradh airgid agus go leantar de neartú acmhainní oibríochtúla na gcomhlachtaí frith-éillithe, go mbunaítear sásra feidhmiúil éifeachtach chun sócmhainní a chalcadh, a choigistiú, a aisghabháil, agus a bhainistiú, agus go n-áiritheofar go pras go gcuirfear ar bun córas dearbhúcháin agus fíorúcháin feidhmiúil sócmhainní, agus go gcuirtear bonn ceart faoin neamhspleáchas ar thionchar míchuí do na hinstitiúidí frith-éillithe. Meabhraítear freisin don Chomhairle a thábhachtaí atá sé oifig neamhspleách a chur ar bun gan mhoill a bheidh i gceannas ar sciúradh airgid a chomhrac agus a chosc, mar aon le sásraí a fhorbairt agus a fhormheas le haghaidh smachtbhannaí as sáruithe ar an réimeas i gcoinne sciúradh airgid, agus na hidirbhearta amhrasacha a shainaithint agus a chalcadh.

16. Meabhraítear don Chomhairle an tábhacht a bhaineann le leanúint d'athchóiriú an chórais riaracháin phoiblí a chur chun feidhme d'fhonn seirbhísí níos fearr a sholáthar do na saoránaigh.

17. Is díol sásaimh don Chomhairle na hathchóirithe sin darb aidhm an chobhsaíocht airgeadais agus mhaicreacnamaíoch a áirithiú agus iontaoibh na ndeontóirí idirnáisiúnta a chur ar bun arís, go háirithe i réimse rialála corparáidí na hearnála airgeadais, agus neamhspleáchas agus cumhachtaí maoirseachta an Bhainc Náisiúnta a neartú. De bharr na n-athchóirithe sin, tugadh ar ais an chobhsaíocht eacnamaíoch agus airgeadais, agus murach iad, ní chuirfí i gcrích ná chun feidhme go rathúil an comhaontú a rinneadh leis an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta. Molann an Chomhairle do Phoblacht na Moldóive tuilleadh athchóirithe a shaothrú d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin shuntasacha atá fós gan réiteach, go háirithe, rialachas lag, polaitiú institiúidí stáit, an t-éilliú sistéamach, an gá atá le feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó, rud a chuirfidh leis an bhfás eacnamaíoch dá réir.

18. Is díol sásaimh don Chomhairle gur síníodh i mí na Samhna 2017 an meabhrán tuisceana, an comhaontú saoráide iasachta, agus an comhaontú deontais maidir le cúnamh macra-airgeadais agus gur daingníodh iad i bParlaimint Phoblacht na Moldóive i mí na Nollag 2017.

19. Meabhraítear don Chomhairle go mbeidh gach íocaíocht a dhéanfar faoin gclár tacaíochta macra-airgeadais faoi réir chomhlíonadh na mbeart beartais atá sa mheabhrán tuisceana agus faoi réir urraim na réamhchoinníollacha polaitiúla.

20. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé céimeanna a ghlacadh chun cothrom na Féinne a chruthú do lucht gnó d'fhonn a áirithiú go mbeidh ann timpeallacht infheistíochta tharraingteach chobhsaí, agus d'fhonn an trédhearcacht agus na dálaí infheistíochta a fheabhsú, ach rialuithe leordhóthanacha agus pionóis i gcás sáruithe a choinneáil ar bun san am céanna sna réimsí sin. Tugann an Chomhairle dá haire go dteastaíonn breis dua chun feabhas a chur ar an timpeallacht gnó agus chun níos mó infheistíochtaí díreacha coigríche a mhealladh.

21. Tá an Chomhairle ag súil go gcuirfidh Poblacht na Moldóive dlús lena dua i leith athchóirithe a bhaineann le cur chun feidhme agus forfheidhmiú an limistéir dhomhain chuimsithigh saorthrádála, lena n-áirítear trí acmhainneacht oibríochtúil agus neamhspleáchas na n-institiúidí ábhartha a neartú.

22. Meabhraítear don Chomhairle an tábhacht a bhaineann le forfheidhmiú éifeachtach a dhéanamh ar chosaint cearta maoine intleachtúla, lena n-áirítear sonraí geografacha a chosaint, i bPoblacht na Moldóive, i gcomhréir leis na gealltanais a tugadh faoin gComhaontú Comhlachais.

23. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá sé go neartófaí an iomaíocht agus an trédhearcacht in earnáil an fhuinnimh, *inter alia* trí chumas airgeadais agus institiúideach an rialtóra fuinnimh a áirithiú ionas gur féidir leis an rialtóir leanúint ar aghaidh le hathchóiriú an mhargaidh fuinnimh. Molann an Chomhairle go dtabharfaí lánurraim do *acquis* an Chomhphobail Fuinnimh, go háirithe a mhéid a bhaineann le socrú taraifí don dáileadh fuinnimh, rud a áiritheoidh aisghabháil iomlán costas. Iarrann an Chomhairle ar Phoblacht na Moldóive bailchríoch a chur ar athchóiriú na hearnála fuinnimh i gcomhréir leis an tríú pacáiste fuinnimh ón Aontas Eorpach, go háirithe i dtaca le díchuachadh a dhéanamh ar tharchur agus ar dháileadh gáis agus leictreachais. Iarrann an Chomhairle freisin go gcuirfí dlús le cur chun feidhme tionscadail idirnaisc ó tharla a thábhachtaí atá siad maidir le slándáil fuinnimh agus le soláthar fuinnimh agus bealaí fuinnimh a éagsúlú.

24. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé sásta leanúint dá thacaíocht do Phoblacht na Moldóive, bunaithe ar chomhar agus ar ascnamh nithiúil i ngach réimse den athchóiriú agus ar an gcoinníollacht dhocht. I ndáil leis sin, meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá sé an leas is fearr is féidir a bhaint as an gcúnamh atáthar a fháil ón Aontas, d'fhonn tacú le cuspóirí an Chomhaontaithe Comhlachais, lena n-áirítear an limistéar domhain cuimsitheach saorthrádála, agus feabhas a chur ar dhálaí maireachtála na saoránach i bPoblacht na Moldóive go hinfheicthe nithiúil. Urramú na ngealltanas a tugadh don Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, dul chun cinn substainteach sa chomhrac i gcoinne an éillithe agus i ndáil le hathchóiriú earnáil an cheartais, comhréir le prionsabail an daonlathais, agus meas ar chearta an duine: eilimintí riachtanacha iad sin ar fad chun go n-íocfar amach a bhfuil fós gan dáileadh den tacaíocht bhuiséadach don earnáil. Meabhraítear don Chomhairle freisin a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí an obair leantach a bhaineann leis an tuarascáil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, a eisíodh i mí Mheán Fómhair 2016, maidir le cúnamh an Aontais do Phoblacht na Moldóive, agus a thábhachtaí atá sé comhordú na ndeontóirí a neartú i gcomhar le rialtas Phoblacht na Moldóive i gcomhthéacs an chlársceidealaithe chomhpháirtigh.

25. Meabhraítear don Chomhairle freisin a thábhachtaí atá sé dlús a chur leis na hiarrachtaí comhpháirteacha i ndáil le cumarsáid straitéiseach éifeachtach maidir leis na hathchóirithe a baineadh amach, mar aon leis na buntáistí nithiúla a thugann dá bharr do na saoránaigh, an infheictheacht a chur chun cinn maidir leis an gcomhar idir an tAontas agus Poblacht na Moldóive, agus aghaidh a thabhairt ar an mbréagaisnéis.

26. Is díol sásaimh don Chomhairle gur spéis le Poblacht na Moldóive bogadh chun cinn maidir lena comhar leis an Aontas i réimse na slándála agus na cosanta, agus is díol sásaimh di freisin rannpháirtíocht na Moldóive i misin CBSC, faoi threoir an Aontais, chomh maith lena comhar faoi ghníomhaíocht 18 den teachtaireacht chomhpháirteach "An creat comhpháirteach maidir le cur i gcoinne bagairtí hibrideacha".

27. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn dearfach a rinneadh faoin bpróiseas 5 +2 maidir le réiteach a fháil ar an gcoinbhleacht i dTras-dnístria le linn don Ostair cathaoirleacht a dhéanamh ar an Oifig. Molann sí go mór do Phoblacht na Moldóive tógáil ar leibhéal na rannpháirtíochta sin le linn chathaoirleacht na hIodáile ar ESCE agus dá éis, agus cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé pé comhaontuithe ar thángthas orthu a chur chun feidhme go pras. Meabhraítear freisin don Chomhairle a thábhachtaí atá sé dlús a chur le cur chun feidhme an dlí maidir le stádas dlíthiúil speisialta Gagauzia agus iarrann sí ar Chisinau dul ar aghaidh leis na tionscnaimh reachtacha atá á mbeartú.